Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0086 (NLE)**

**13445/1/18**
**REV 1**

**VISA 278**
**COLAC 84**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le tarscaoileadh ar víosaí gearrfhanachta do shealbhóirí pasanna taidhleoireachta, pasanna seirbhíse nó pasanna oifigiúla |

**CINNEADH (AE) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais,
an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le tarscaoileadh ar víosaí gearrfhanachta do shealbhóirí pasanna taidhleoireachta, pasanna seirbhíse nó pasanna oifigiúla**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2), pointe (a), i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] Toiliú an …(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an Coimisiún, thar ceann an Aontais, Comhaontú a chaibidil le Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le tarscaoileadh ar víosaí gearrfhanachta do shealbhóirí pasanna taidhleoireachta, pasanna seirbhíse nó pasanna oifigiúla ('an Comhaontú').

(2) De bhun Chinneadh (AE) 2018/1869 ón gComhairle[1], síníodh an Comhaontú an 27 Meán Fómhair 2021, faoi réir a thabhairt i gcrích.

---

[1] Cinneadh (AE) 2018/1869 ón gComhairle an 26 Samhain 2018, maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le tarscaoileadh ar víosaí gearrfhanachta do shealbhóirí pasanna taidhleoireachta, pasanna seirbhíse nó pasanna oifigiúla (IO L 306, 30.11.2018, lch. 1).

(3) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[1]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de chuid *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le tarscaoileadh ar víosaí gearrfhanachta do shealbhóirí pasanna taidhleoireachta, pasanna seirbhíse nó pasanna oifigiúla, a fhormheas thar ceann an Aontais[1+].

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Chomhaontú[2].

---

1 Foilsíodh téacs an Chomhaontaithe in … [cuir isteach tagairt IO do dhoiciméad ST 13446/18].

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, an téacs seo a leanas ar an leathanach den leagan GA den IO a chomhfhreagraíonn don leathanach ar a bhfuil an Comhaontú á fhoilsiú sna teangacha eile: "Ní hann do théacs an Chomhaontaithe sa Ghaeilge.".

2 Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*